C/2025/452

17.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11804 – KONCAR / SEHBV / JV)

(C/2025/452)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/452)

1. An 8 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Siemens Energy Holding B.V. ('SEHBV', an Ísiltír), faoi rialú Siemens Energy Group (an Ghearmáin),

— KONČAR – Electrical Industry Inc ('KONČAR', an Chróit),

— KONČAR – Transformer tanks Ltd. (an 'JV', an Chróit), faoi rialú aonair KONČAR faoi láthair.

Gheobhaidh SEHBV agus KONČAR rialú comhpháirteach ar an JV ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— SEHBV: feidhmíonn sé mar chuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid Siemens Energy Group. Oibríonn Siemens Energy Group i gceithre phríomhréimse gnó: seirbhísí gáis, teicneolaíochtaí eangaí, claochlú tionscail agus gníomhaíochtaí a bhaineann le Siemens Gamesa Renewable Energy,

— KONČAR: feidhmíonn sé ar fud na hearnála fuinnimh, feithiclí iarnróid, agus bonneagair, agus béim láidir á leagan ar theicneolaíochtaí glasa agus digiteacha, chomh maith le taighde, forbairt agus nuálaíocht. Tá an JV faoi rialú aonair KONČAR faoi láthair agus níl dhéanann sé aon ghníomhaíocht. Mar chuid den Idirbheart, aistreoidh KONČAR a ghnó umar claochladáin cumhachta chuig an JV.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11804 – KONCAR / SEHBV / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) OJ C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË